



## 'Léirithe idir an rómánsachas agus an réalachas sóisialta i litríocht na Nua-Ghaeilge'

Hughes, A. J. (2020). 'Léirithe idir an rómánsachas agus an réalachas sóisialta i litríocht na Nua-Ghaeilge'. In A. Ó Corráin, F. De Brún, & M. Fomin (Eds.), *Scotha cenderca cen on: A Festschrift for Séamus Mac Mathúna* (Vol. 10, pp. 209-231). (Studia Celtica Upsaliensia; Vol. 10). Uppsala Universitet.

[Link to publication record in Ulster University Research Portal](#)

### Published in:

Scotha cenderca cen on

### Publication Status:

Published (in print/issue): 07/05/2020

### Document Version

Publisher's PDF, also known as Version of record

### General rights

Copyright for the publications made accessible via Ulster University's Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

### Take down policy

The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact [pure-support@ulster.ac.uk](mailto:pure-support@ulster.ac.uk).

FOINSE:

**Luaigh mar:**

Hughes (2020: 000).

**Cuir sa leabharliosta mar:**

Hughes, A.J. 2020: 'Léirithe idir an rómánsachas agus an réalachas sóisialta i litríocht na Nua-Ghaeilge' – 209-23 de *Scotha cennderca cen on: A Festschrift for Séamus Mac Mathúna*. Eag. A. Ó Corráin, F. De Brún & M. Fomin. (*Sraith: Studia Celtica Upsaliensis* Iml. 10 Uppsala).

## A. J. HUGHES

### Léirithe idir an rómánsachas agus an réalachas sóisialta i litríocht na Nua-Ghaeilge<sup>1</sup>

Dá mbeadh leanúnachas agus gan aon chontrárthacht i ndearcadh aon údair, ba leamh an lón anama a bheadh in go leor den litríocht ag léitheoirí. Is minic gurb í an scoilt seo idir leanúnachas agus contrárthacht an ghné a ghríosann léitheoirí agus a bheir orthu machnamh a dhéanamh ar theachtaireacht(aí) an údair agus ar an débhrí (agus fiú ilbhrí) a thig chun cinn le linn iomlán *oeuvre* scríbhneora—nó fiú taobh istigh d'aon phársa amháin ag údar áirithe.

Is féidir ceist seo na contrárthachta a thógáil, cuir i gcás, maidir le Myles na gCopaleen (nó Brian Ó Nualláin, 1911–66). Cad é an fíordhearcaidh, nó dédhearcaidh, a bhí aige den leabhar éachtach úd *An tOileánach* (1969) le Tomás Ó Criomhthain (1857–1937)? Tá siad ann a deir go gcaomhnaíonn an cuntas a cuireadh os ár gcomhair in *An tOileánach* taifead luachmhar fuarchúiseach den tsaol a bhí ann ar an Bhlascaod Mhór, oileán iargúlta amach as cósta Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Rinneadh strócadh míthrócaireach ar *An tOileánach* (1929) in *An Béal Bocht* (1941) mar a ndéanann Myles díspeagadh nach beag ar go leor de na heachtraí a leag an Criomhthanach go healaíonta ar pháir. Eascraíonn an streachailt fhíochmhar mhíthrócaireach ó chéile de *An tOileánach* in *An Béal Bocht* de bharr nach dtig leis an aoir a bheith séimh. Arbh é sin, mar sin féin, an fíordhearcaidh a bhí ag an Nuallánach de *An tOileánach* mar a léirítear in *An Béal Bocht* é? In ailt leis ar an *Irish Times* thar na blianta, mholadh Ó Nualláin *An tOileánach* go dtí na spéarthaí agus, in ainneoin na scigaitrise gan stad in *An Béal Bocht*, is léir go gcaithfear a admháil gur barmheas an fhíorbharúil a nocht

---

<sup>1</sup> Is mór an onóir agus an t-aoibhneas domh an aiste seo a thiodhlacadh don Ollamh Séamas Mac Mathúna, comhghleacaí agus caoinchara le blianta fada. Tá ardmheas agam ar a scoláireacht agus ar a ghníomhaí a bhí sé le blianta fada i ngort na Gaeilge, idir nua agus shean. Thar aon ní eile, tréaslaím leis as an fhuinneamh agus an stiúraíocht chiallmhar, spreagúil, dhochloíte a léirigh sé le linn a fhadthréimhse éifeachtaí in Ollscoil Uladh. De ghnáth, bhínn féin agus Séamas go dtí an dá shúil in ailt theangeolaíochta agus fonótaí, nó sáite i gcrúinnithe fá mharcanna agus fá dhearbhuí modúl, ach bheartaigh mé anseo alt-aiste shaor shruthánach a sholáthar dó ar litríocht na Nua-Ghaeilge, ní a bhí i gcónaí gar dár gcróí. Fad saoil agus sláinte, a Shéamais dhí.

Ó Nualláin ar *An tOileánach* i scríbhinní eile, cé, i bhfocail Wilde, ‘each man kills the things he loves.’<sup>2</sup>

Tá i gceist san alt seo iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a dtig contrárthachtaí aníos ó am go chéile i saothar údar agus anailís a dhéanamh, go háirithe, ar an chodarsnacht idir an rómánsachas agus an réalachas sóisialta mar théamaí.

## Ó Searcaigh, Ó Direáin, Mac Grianna

San aiste seo, breathnófar ar roinnt dánta leis an fhile Chonallach Cathal Ó Searcaigh agus fiosrófar gnéithe den chontrárthacht ina chuid filíochta, agus bhéarf ar saothar údar eile isteach sa scéal le linn an turais, ina measc daoine a bhain le glúin nó dhó roimh Ó Searcaigh: Máirtín Ó Direáin (1910–88), file as Árann, Co. na Gaillimhe agus Seosamh Mac Grianna (1900–90), an próis-scríbhneoir as Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall. Bainfear úsáid, fosta, as an scála ama idir 1930 agus 1990, le cróineolaíocht a lorg ar roinnt gnéithe fá cheantair Ghaeltachta in iarthar na hÉireann ó thaobh leanúnachais agus mhíleanúnachais cultúir agus teanga de.

Is iomaí gné, agus cnuasach, a bhaineann le filíocht Chathail Uí Shearcaigh, ach díreofar aird anseo ar bhailiúchán luath dánta leis dar teideal *An Bealach chun an Bhaile / Homecoming*.<sup>3</sup> Sa chnuasach áirithe seo tá cuid mhaith dánta cumtha aige atá lárnaithe ar sheanchomharsanaigh dá chuid a chónaigh amuigh sna cnoic thart ar Ghort an Choirce i bparóiste Chloich Cheann Fhaola in iarthuaisceart Chontae Dhún na nGall. D’fhéadfaí breathnú ar go leor dá bhfuil istigh in *An Bealach chun an Bhaile* mar chumadóireacht atá fréamhaithe sa phobal agus ó tharla gur duine é an file a rugadh sa cheantar seo sna 1950í, fágann sin peirspictíocht luachmhar thaithí-bhunaithe ag Ó Searcaigh ar sheansaol Ghaelach na tuaithe sular bhrúigh an Galldachas isteach sa cheantar de réir a chéile, agus ansin ina rabharta, caithfear a rá, le glúin nó dhó anuas de dheasca ré na teilifíse agus, sna sála air sin, de bharr na meán sóisialta.

Ní nach ionadh gur lárthearma láidir an t-athrú saoil, cultúir agus teanga i bhfilíocht Chathail Uí Shearcaigh san am sin, go háirithe sa chuid sin dá shaothar a bhféadfaí na ‘dánta cnoic’ a thabhairt orthu. As measc na ndánta den tseort seo is féidir teidil a lua ar nós: *Tobar, Bean an tSléibhe, Oícheanta Geimhridh, Bó Bhradach, Fiacha an tSolais* agus *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr*. I mbeagnach gach dán acu seo, labhartar ar ghné éigin den chultúr dhúchasach ag teacht chun deiridh agus labhrann Ó Searcaigh

<sup>2</sup> *The Ballad of Reading Gaol*, Rannóg 1, véarsa 6, athluaite Rannóg VI, véarsa 3.

<sup>3</sup> Ó Searcaigh (1993).

amach go neamhbhalbh corraitheach ar bhás na teanga in *Caoineadh*, dán a bhfuil cliú bainte amach, agus arduille, aige.<sup>4</sup>

## An Iarthar rómánsúil: Ó Ríordáin, Yeats, Pearse

Sula ndearctar ar an réalachas shóisialta i bhfilíocht na Gaeilge, níor mhiste súil a chaitheamh ar an rómánsachas—tréith, ar ndóighe, nach gann in Éirinn. Is minic daoine ón taobh amuigh ag scríobh fá cheantair thuaithe, go háirithe in iarthar na tíre, ar dhóigh an-rómánsúil agus steiréitíopach: bíonn an ghrian ag soilsiú i lár an tsamhraidh amhail is dá mba saol idéalach a bheadh ag daoine ann fud fad na bliana. Is sampla gleoite den tseánra seo an dán *Fill Arís* le Seán Ó Ríordáin (1916–77). Murab ionann agus *An Béal Bocht* (mar a gcuirtear síos go haorach ar ‘Chorca Dorcha’, nó Chorca Dhuibhne i gCo. Chiarraí, mar áit a mbíonn síorstealladh fearthainne ann) bíonn adhradh urramach mar aon le cur síos níos gile, agus rómánsúla, ag Ó Ríordáin ar Chorca Dhuibhne mar *nirvana grianmhar* idéalach Gaelach:

**Téir** faobhar na faille **siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,**

Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann

An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,

Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine:

Sin é do dhoras,

**Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,**

Buail is osclófar

D’intinn féin is do chló ceart.<sup>5</sup>

B’as Breac-Ghaeltacht Chorcaí Seán Ó Ríordáin (1916–77), fear nár bhraith, ar ócáidí, iomlán muiníneach fán teanga sin a bhí ‘leath-leis’,<sup>6</sup> dar leis. Mar sin féin, ba sealanna mórluachacha leis a ‘shaoire-staidéar’ i nGaeltacht Iarthar Chiarraí, cuairteanna a chuidigh go mór leis, gan dabht, dúshraith thábhachtach a leagan síos ar a bhealach go máistreacht ar an Ghaeilge agus a d’éascaigh dó an ‘Ríordánú’<sup>7</sup> sin a dhéanamh ar réimse iomlán a chuid mothúchán, go fealsúnta faobhrach sa teanga chéanna, gur fhág ceann de na huachtaí fileata Gaeilge is fíneálta a bheas go deo againn.

Bíodh go mbíodh an tinneas, fiabhras, eagla an bháis, baol coirp agus anama, easpa solais agus an dorchadas mar théamaí ón pheann úd i nglac Uí Ríordáin (agus é ar coraintín ina sheomra scoite ‘ar chúl an tí’) b’iad na dánta duibheagánacha sin, thar aon chuid eile dá shaothar, a fáisceadh as a réalachas sóisialta féin; na réaltóga is solasta a dhealróidh amach as an

<sup>4</sup> Ó Searcaigh (1993: 120-1), pléite san alt reatha, lch 317 thíos.

<sup>5</sup> Ó Ríordáin (2014: 162-3).

<sup>6</sup> Fch a dhán *A Theanga so leath-liom*.

<sup>7</sup> Fch an líne: ‘le go ríordánóinn an farasbarr neamhscríte’, as an dán *Tost* le Seán Ó Ríordáin, Sewell (2014: 150-1).

dorchadas chugainn mar bhardacht anamúil shaol-bhunaithe a dealbhaíodh go dian as a phoblacht phianmhar phríobháideach féin filíochta. Thiocfaí a rá, os a choinne sin, gurbh iad na turais sin a ghníodh an Ríordánach go Dún Chaoin ‘an phicnic ar fhéar’ ina shaol: na tréimhsí a lig an rómánsachas, solas agus grian isteach ina chumadóireacht mar fhaoiseamh fáilteach éadrom ar throime scáfar a réalachais laethúil ar a leaba thinnis i gCorcaigh.

Is féidir, mar shampla, comparáid dhíreach a dhéanamh idir an uaillmhian rómánsúil atá léirithe sa dán leis *Fill Arís*—téacs atá beagnach mar shíscéal, sa mhéid is go gcuartaíonn Ó Ríordáin áiméar taisteal dodhéanta a dhéanamh siar sa stair go ré órga réamh-Ghallda—agus ní amháin dó féin ach don náisiún ar fad! Ní haon uaillmhian aonair an bhrionglóid seo a lorgaíonn taisteal siar san am agus sa stair go ré órga fhileata fhíor-Ghaelach, bíodh gur mhall go leor sa lá a tháinig sé i gcás Uí Ríordáin. Bhí an mheanma chéanna lárnach leitheadach, mar shampla, i seánra na *haislinge* na céadta bliain roimh ré Uí Ríordáin ag filí san 18ú céad, iar bhriseadh Cheann tSáile agus na Bóinne. Thig, ar shlí, glacadh leis an dán *Úirchill an Chreagáin*,<sup>8</sup> (saothar a chum Art Mac Cumhaigh, +1773, tráth ba Ghaeltacht Oir-Dheisceart Uladh) mar chuisle chumadóireachta a phreabadh i gcroí na nGael le linn an 18ú céad; ach in *Fill Arís* tchítheas an téama céanna ag gobadh aníos, athuair, sna mothúcháin ag Ó Ríordáin ina aisling as dáta (?) i lár an 20ú céad. Bhí an Ríordánach (glúin i ndiaidh bhunú Shaorstát Éireann in 1922—mar ar fógraíodh an Ghaeilge mar chéad teanga oifigiúil) ag iarraidh go fochoinsiasach, go díreach dálda Mhic Cumhaigh roimhe, dhul siar san am go ‘tír dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill.’<sup>9</sup> Sa dá dhán seo (*Úirchill an Chreagáin*, le Mac Cumhaigh, agus *Fill Arís*, le S. Ó Ríordáin) bhí gach file, go neamhspleách, ar lorg a thíre tairngire féin—murab ionann, déanta na fírinne, an dá thír Ghaelacha idéalacha réamh-Ghallda úd a bhí uatha ina n-aighe. Chonaic Mac Cumhaigh túsmeath an Domhain Ghaelaigh os comhair a shúl in Ard Mhacha in Éirinn an Tí Mhóir Ghallda ina linn féin. Fán am a gcumtar ‘aisling’ Uí Ríordáin is léir an eagla atá ar an fhile go bhfuil an Gael-mheath beagnach ag teacht chun críche (in ainneoin chosaint oifigiúil an Bhunreacht). In aighe Uí Ríordáin nocht Dún Chaoin (a bhí ar nós *Úirchill an Chreagáin* aige, fiú i lár an 20ú céad) mar fhéidearthacht d’Iarúsailéim Nua mar phríomhchathair in-atógtha sa Stát Nua ‘Ghaelach’ úd a bhí uaidh—agus ba é *Fill; Arís*, mheasfaí, barrbhuaic rómánsachais fhileata a shaothair go léir.

Ar leibhéal eile agus muid ag breathnú ar *Fill Arís* (ach ceist lárnach na teanga a fhágáil ar leataobh bomaite), smaoiníofaí fosta ar an rún rómánsúil a leag W.B. Yeats (1865–1939) roimhe agus é féin san Oirthear ach a chroí san Iarthar gar do *The Lake Isle of Innisfree*:

<sup>8</sup> Luaite in Ó Tuama & Kinsella (2014: 162-5).

<sup>9</sup> Líne as véarsa 1 de *Úirchill an Chreagáin*, ibid. 162.

*I will arise and go now, and go to Innisfree,  
And a small cabin build there, of clay and wattles made:  
Nine bean-rows will I have there, a hive for the honey-bee;  
And live alone in the bee-loud glade.*

B'íomaí íomhá rómánsúil eile a cruthaithí in aigne na n-údar a bhí lonnaithe san Oirthear uirbeach agus mian acu d'Iarthar shuaimhneach shíothúil na hÉireann. Is sampla breá den tseánra seo an dán úd le Yeats ag cuimhneamh ar Inis Fraoich agus é sáite ina ghnáth-thimpeallacht uirbeach ardchallánach mar scríbhneoir—bíodh go bhféadfaí, fosta, gur chuir an t-oileán locha a thréimhsí ar laethe saoire a óige in athchuímhne do Yeats. Ba mhian le Yeats, dálda iliomad údar uirbeach eile, a bheith suite i lár locha lá samhraidh agus drandán na mbeach ag cur pléisiúir air.<sup>10</sup> Thig an ní céanna a lua leis an dán *The Wayfarer* le Pádraig Mac Piarais (1879–1916)—fear, gan aon amhras, a bhainfeadh taitneamh as aoibhneas agus suaimeanas an Iarthair mar 'éalú' ón chlár mheasartha lódáilte oibre agus imeachtaí a bhí leagtha amach aige dó féin i gcoirceog na príomhchathrach:

*Sometimes my heart has shaken with great joy  
to see a leaping squirrel on a tree  
or a red ladybird upon a stalk.  
Or little rabbits, in a field at evening,  
lit by a slanty sun.  
Or some green hill, where shadows drifted by,  
some quiet hill,  
where mountainy man has sown, and soon will reap,  
near to the gate of heaven.  
Or little children with bare feet  
upon the sands of some ebbed sea,  
or playing in the streets  
of little towns in Connacht.<sup>11</sup>*

## An Iarthar á athcheapadh ag scríbhneoirí Gaeltachta san Oirthear

Ba chuirteoirí iad Ó Ríordáin, Yeats agus Mac Piarais go dtí áiteanna tuaithe san Iarthar agus blaisín (nach beag) den *rural idyll* ar chúl na hintinne acu. Is díol spéise fosta, áfach, gur minic bunadh Iarthar na hÉireann, ach iad lonnaithe san Oirthear, ar lorg athbhlaísin den 'neamh ar talamh' céanna ach a d'fhág siad ina ndiaidh agus iad ag cur fúthu ina dtimpeallacht choimhthíoch shóisialta i mBaile Átha Cliath.

<sup>10</sup> Murab ionann agus an bheach mhallaithe ag portaireacht mar screadstracadh ar an nóinbhrat ar lá thorramh mháthair Uí Ríordáin *Adhlacadh mo mháthar*, Ó Ríordáin (2014: 46)

<sup>11</sup> Pearse (1917: 341).

Bíodh, mar shampla, gur chaith an scríbhneoir Conallach Séamas Ó Grianna, nó ‘Máire’ (1889–1969) an chuid is mó dá shaol i mBaile Átha Cliath is annamh a luaitear an chathair sin ina phrós (a chéad úrscéal *Mo Dhá Róisín*, 1920, ar leataobh). Féadtar a rá go ndíríonn an t-údar áirithe seo bunús mór a airde ina shaothar ar Rann na Feirste, a bhaile dúchais ar chósta iarthuaisceart na tíre. Cás eisceachtúil go leor é Ó Grianna mar is gnách go gcuireann scríbhneoirí Gaeltachta síos, a bheag ná a mhór, ar a n-eispéireas idir an dá dhomhan seo (.i. timpeallacht thraidisiúnta na tuaithe *versus* an chathair uirbeach). Rinne, mar shampla, Seosamh Mac Grianna amhlaidh in *Mo Bhealach Féin* agus Pádraig Ó Conaire in *Deoraíocht*—gan trácht, blianta ab fhaide anonn, ar fhilíocht Uí Dhireáin agus Uí Shearcaigh (thíos).

## Máirtín Ó Direáin ‘an fuascailteoir’

Maidir le filíocht de, is é Máirtín Ó Direáin (1910–88) an ceannródaí mór i measc fhilí an 20ú céad don tseánra ina gcuireann filí Gaeltachta saol na cathrach san Oirthear i gcomórtas choimhlinteach le saol Gaelach tuaithe an Iarthair. Spreag saol brúite na cathrach dánta leis mar *Stoite*<sup>12</sup> agus *Faoiseamh*,<sup>13</sup> ag cur síos ar an ardú meanman a mhothaíodh an file (agus é, ag an phointe seo, ina Státseirbhíseach thuirseach oifig-lonnaithe) seal beag gairid i measc a dhaoine ar shiúl ón chathair ar a oileán dúchais ‘thiar ag baile’ ar Inis Mór, Co. na Gaillimhe. D’fhéadfaí ceist a thógáil anseo fán fhothionchar a d’imreodh na mianta a léirigh Yeats in *The Lake Isle of Innisfree* (thuas) mar ghlas-scaoileadh féideartha don taisteal siar agus don fhaoiseamh úd a bhí ón Direánach.

Bíonn macallaíocht láidir d’uaigneas seo na cathrach os coinne shíocháin na tuaithe le sonrú minic go leor fosta i saothar Chathail Uí Shearcaigh. Ní hionadh gur bhaist Ó Searcaigh, i ndán leis, *An Fuascailteoir*<sup>14</sup> ar Mháirtín Ó Direáin ar an ábhar go rithfeadh sé le duine gur chuid den smaointeoireacht a bhí taobh thiar den ómós seo a léirigh Ó Searcaigh don Direánach in *An Fuascailteoir* ná buíochas a ghabháil leis as an dóigh ar chuidigh filíocht Uí Dhireáin leis féin dhul i dtiúin le téama seo an dífhréamhachais a mhothaigh Ó Searcaigh féin mar fhear óg tuaithe i gcathracha mar Bhaile Átha Cliath agus Londain. Ba léir gur bhunchloch agus ród réitithe, ar chuid mhór leibhéal, saothar Uí Dhireáin d’Ó Searcaigh; agus saothar a bhí i bhfilíocht Uí Dhireáin a ‘d’fhuascail’ Ó Searcaigh le theacht ar ghlór fileata dá dhúiche féin agus dá phobal. I mbeagán focal, ba gheall le ‘bealach chun an *An Bealach chun an Bhaile*’ a bhí i bhfilíocht Uí Dhireáin ag an tSearcach óg.

<sup>12</sup> ‘It [the poem *Stoite*] is the first explicit statement of the conflict between urban and rural mores that was to be an inspiration of much of his best poetry’, Mac Siomóin & Sealy (1992: iv).

<sup>13</sup> Ó Direáin (1984: 2-3).

<sup>14</sup> Ó Searcaigh (1993: 186-7).



Thiocfaí, suimiúil go leor, an méid céanna a rá fán tionchar a d’imir an t-údar Michael McLaverty (1904–92) ar Seamus Heaney mar ógfhile. Tugadh McLaverty go cathair Bhéal Feirste as Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin ag aois an-óg. Mar sin féin léirigh sé suim mhór i bhfilíocht Patrick Kavanagh (1904–67) agus níorbh é sin amháin é mar nuair a bhí McLaverty ag teagasc i Meánscoil Naomh Thomáis i mBéal Feirste, blianta ab fhaide anonn, ceapadh Seamus Heaney (1939–2013) mar mhúinteoir nua-oilte sa scoil chéanna. Deirtear gur ag an pointe seo a chuir McLaverty saothar Patrick Kavanagh ar a shúile do Heaney don chéad uair .i. saothar tuathánach Ultach cathair-bhunaithe eile a bhain leis an ghlúin roimh Heaney féin agus (dálta Uí Shearcaigh agus tionchar saothar Uí Dhireáin airsean) b’fhuascailt mhór a bheadh i saothar Kavanagh do Heaney nó ba leor na cosúlachtaí san am úd idir Contae Mhuineacháin óige Kavanagh agus an chuid sin de Chontae Dhoire amuigh faoin tuath ar bhruach Loch nEachach ar hoileadh Heaney ann.

Le pilleadh arís ar an teannas úd i saothar Chathail Uí Shearcaigh idir saol teannta, callánach na cathrach agus fairsinge éancheolmhar an tsléibhe d’fhéadfaí an dán *Portráid den Fhile mar Ealaíontóir Óg*<sup>15</sup> a shuíomh mar *locus classicus* den choimhlint idir cathair agus tuath. Bíonn Ó Searcaigh ‘dúthirseach’ dá sheomra chéim i nDún Laoghaire, ar bhruach Bhaile Átha Cliath, agus a aird, dálta Seamus Heaney, ar cheárta dhorchá<sup>16</sup> chruthaíochta in áit iargúlta tuaithe i bhfad ó thrácht.

Sa dán *Aon séasúr den bhliain* de chuid Uí Shearcaigh ‘seargann na plandaí tí, fiú i dtús an tSamhraidh’ agus bíonn an saol faoi bhrocsholas na cathrach ‘ina Shamhain ag plandaí is ag leannáin.’<sup>17</sup> Tá an úsáid dhiúltach gan dóchas sin den fhocal *aon*, sa teideal *Aon séasúr den bhliain*, le cur os comhair na húsáide gile den fhocal ina dhán *Níl aon ní*, mar a mbíonn díospóireacht fhoscailte dhíreach eile sa tsiúl idir saol callánach na cathrach agus saol séimh tostach na tuaithe:

Níl aon ní, aon ní, a stór,  
**níos suaimhní** ná clapsholas smólaigh  
i gCaiseal na gCorr,

ná **radharc níos aoibhne**  
ná buicéad stáin na spéire ag sileadh  
solais ar Inis Bó Finne.

<sup>15</sup> Ó Searcaigh (1993: 84-5).

<sup>16</sup> Fch *Door into the Dark*, Heaney (1995). Is léir fothionchar an dáin úd le Heaney (gan trácht ar léir-thionchar Joyce) ar Ó Searcaigh in *Portráid den Fhile mar Ealaíontóir Óg*, cé go n-éiríonn leis an tSearcach an crú a lúbadh ar a shlí aonarach féin.

<sup>17</sup> Ó Searcaigh (1993: 82-3).

Is dá dtiocfá liom, a ghrá,  
bheadh briathra **ag bláthú** ar ghas mo ghutha  
mar shiolastrach Ghleann an Átha,  
is **chluinfeá geantraí sí**  
**i gclingireacht na gcloigíní gorma**  
i gcoillidh Fhána Bhuí.

Ach b'fhearr leatsa i bhfad  
brúchtbhaile balscóideach i mBaile Átha Cliath  
lena ghleo tráchta gan stad,

**seachas ciúchónaí sléibhe**

mar a gciúnaíonn an ceo le teacht na hoíche  
anuas ó Mhín na Craoibhe.<sup>18</sup>

Bhí, mar an gcéanna, saothar an Direánaigh breac leis an chodarsnacht seo idir an chathair anaithnid uaigneach agus a oileán fáilteach ar 'mhallmhuir órga.' In *Ár Ré Dhearóil* cuireann Ó Direáin síos ar Bhaile Átha Cliath mar phríosún: cimí roimhe agus ina dhiaidh agus é féin mar chime ina lár 'mar chách.'<sup>19</sup> Ritheann mothú seo an ghéibheann-theannais (a bhraith Ó Direáin sa Státseirbhís) in intinn Mhic Grianna sa tseomra ranga agus luann sé na laincisí seo mar fháth éirí as an mhúinteoireacht:

Stad mé den teagasc sa deireadh nuair a tháinig aisling chugam go raibh an domhan mór cruacheangailte le téadta a bhí teannta aníos agus síos agus crosach ar a chéile mar na línte atá i leabhair rollaí.<sup>20</sup>

Labhrann Ó Searcaigh ar an phlúchadh a mhothaíonn sé féin i Londain agus é gafa teanntaithe ag 'fuaraíocht thuamúil na sráide.'<sup>21</sup> Sa dán *Stoite* léirítear, arís eile, an mífhiúntas éadóchasach a cheanglaíonn Ó Direáin le saol na cathrach i gcomórtas leis an tseasmhacht shocair stuama bhuan a cheanglaíonn sé le saol an oileáin:

Ár n-aithreacha bhíodh  
is a n-aithreacha siúd  
in achrann leis an saol  
ag coraíocht leis an gcarraig lom.

Aiteas orthu bhíodh  
tráth ab eol dóibh  
féile chaoín na húire;  
is dóchas orthu bhíodh  
ag baint ceart  
de neart na ndúl.

<sup>18</sup> *Níl aon ní*. Ó Searcaigh (1993: 88-9).

<sup>19</sup> *Ár Ré Dhearóil*. Ó Direáin (1984: 66-75).

<sup>20</sup> Mac Grianna (1964: 8).

<sup>21</sup> *Triall*. Ó Searcaigh (1993: 80).

Thóg an fear seo teach  
is an fear úd  
claí nó fál  
a mhair ina dhiaidh  
is a choinnigh a chuimhne buan.

Sinne a gclann,  
is clann a gclainne,  
dúinn is éigean cónaí a dhéanamh  
in árais ó dhaoine  
a leagfadh cíós  
ar an mbraon anuas.

Beidh cuimhne orainn go fóill:  
beidh carnán trodán  
faoi ualach deannaigh  
inár ndiaidh in Oifig Stáit.<sup>22</sup>

Is léir cúrsaí lóistín mar chnámh spairne i véarsa 4 den dán thuas, agus ba nimh san fheoil ag Ó Direáin ‘cónaí a dhéanamh in árais ó dhaoine a leagfadh cíós ar an mbraon anuas.’ Níorbh aicíd aonair aige féin an bhraistint chéanna, ar ndóighe. Cuireann Ó Searcaigh síos ar a ‘sheomra suí leapa’ i nDún Laoghaire mar ‘áit chúng a chraplaíonn mo chuid oibre’;<sup>23</sup> agus, i Londain dó, labhrann sé ar ‘reilig bhrocach na n-árasán’ mar ar fada uaidh ‘seanteallach foscailte an chineáltais / agus tinidh chroíúil na fáilte’<sup>24</sup> sa bhaile gar do Ghort an Choirce. Sa dara caibidil de *Mo Bhealach Féin* meabhraíonn Mac Grianna ar an tsraith fhada d’áiteacha gruama míshásta lóistín ar stop sé iontu agus ansin, briseann ar a fhoighid is ar a fhearg le mac bhean an lóistín:

Ansin tháinig gach braon tae gan bhlas agus gach duilleog éadroim aráin, agus gach cur i gcéill agus sceith fhrogann de dhinnéar dá bhfuair mé riamh i mo cheannsa. Chonaic mé mo chúig lóistín is fiche in aon léaró amháin. Rinne mo chuid uaignis agus mo chuid anáis bladhaire i mo chroí. Tharraing mé mo lámh agus chnag mé an boc bricliath beannaithe. Thug mé dorn millteanach dó. Shíl mé gur bhris mé a raibh d’ailt i mo lámh. Thit sé maol marbh mar bhuaillfí le tua chatha gallóglai gh é. Agus bhí léim an dorais agamsa.<sup>25</sup>

---

<sup>22</sup> Ó Direáin (1984: 12-13).

<sup>23</sup> *Portráid den Ghabha mar Ealaíontóir Óg*. Ó Searcaigh (1993: 84).

<sup>24</sup> *Triall*. Ó Searcaigh (1993: 80).

<sup>25</sup> Mac Grianna (1964: 18).

## Ailtireacht agus script rúnda sa tírdhreach

Ag fágáil chúnglóistín na cathrach ar leataobh, amharcfar anois ar íomhánna a n-áiteacha dúchais atá greanta in intinn na n-údar seo, go háirithe ó chéin agus iad san oirthear, agus scrúdófar an eochair inbheirthe inmheánach sin atá acu le scéal agus stair an tírdhreacha cheilte a léamh.

Sa chéad chaibidil den úrscéal *An Druma Mór*, pilleann Seosamh Mac Grianna, ina chuimhne-aigne, ar a Ghaeltacht dhúchais agus bheir uaidh an glóir is drámatúla próis, mar aon le sainmhíniú ar ‘Cad is Gael ann?’ Arís eile, is spéisiúil gur cur síos é seo ar an Ghaeltacht ghlóirithe san Iarthar a cumadh i mBaile Átha Cliath, mar a raibh cónaí ar Mhac Grianna sa dara ceathrú den 20ú céad. Cuireann de Brún síos ar an chéad chaibidil de *An Druma Mór* mar Gheineasas Rann na Feirste.<sup>26</sup> Thig an dearcadh sin a chomhneartú ón tsliocht a leanas:

Ach is furast a dhreach a shamhailt sula ndeachthas a bhaint barr as: malacha agus riobaill fhada na genoc agus blár de chaorán rua ag a mbun, agus lochanna glana ciúine á mbreacadh agus tuilteacha ag caismirnich le fána. Cuanta ag tochailt eadar na beanna arda gágacha breaca: cuanta a bhfuil uafás an domhain iontu teacht na hoíche, go díreach mar a bíos anois.<sup>27</sup>

Mar sin féin, is féidir blas ‘Nua-Thiomna’ a aithint sa chéad chaibidil seo de *An Druma Mór* fosta. Is léir go bhfuil gné réamhstairiúil agus Shean-Tiomnach ar an abairt ‘sula dtáinig laethe nó blianta chun an tsaol as broinn chian cheoch na haimsire.’<sup>28</sup> D’fhéadfaí a rá go maireann an ‘Sean-Tiomna’ atá le sonrú sa luathchuid den chéad chaibidil de *An Druma Mór* comh fada suas go dtí an ré stairiúil dhaonna .i. ó thréimhse na réamhstaire go dtí na mall-Mheán-Aoiseanna: Págánaigh, Críostaithe, naoimh, Clann Uí Dhomhnaill Chaisleán Bhaile Dún na nGall, Gallóglaigh srl. Mar sin féin, is féidir amharc ar an tsaol sa tréimhse iar-Phlandála<sup>29</sup> a luann Mac Grianna i lár na chéad chaibidle mar thús le ré Nua-Thiomna .i. ag an phointe a dtearn Ghaeil Thír Chonaill (a ruaigeadh as na talta méithe) cónaí agus ‘cathair’ ar an iargúlacht. Bíodh gur tiomna, nó ré, úr an lonnú daonna seo i Rann na Feirste<sup>30</sup> (.i. Ros Cuain). Is íorónta gur chóir a bheith gur casadh ar gcúl atá ann ar scéal Mhaoise i *Leabhar Eacsadais*, sa mhéid is gur tugadh na Gaeil

<sup>26</sup> De Brún (2002: 92).

<sup>27</sup> Mac Grianna (1969: 1).

<sup>28</sup> Ibid. Luaitear an fhéidearthacht go bhféadfaí gur phéinteáil de chuid Turner (a raibh faill ag Mac Grianna breathnú uirthi le linn cuairt a thug sé ar Londain) a spreag Seosamh leis an abairt inspioráideach sin a chruthú: *as broinn chian cheoch na haimsire*, Hughes (2009: 149, n. 52).

<sup>29</sup> .i. Plandáil Uladh, 1609.

<sup>30</sup> Is saoihiúil go ndeir Mac Grianna ‘Níl seanchas féin lena inse cé a chuir an chéad spád ann’ (1969: 1), nó ba mhinic a chuid deartháireacha ag caint ar a sinsir .i. na deartháireacha Seán agus Pádraig Mac Grianna a tháinig go Rann na Feirste le socrú ann sa bhliain 18ú céad, fch. *Rann na Feirste* (Ó Grianna 1942: caib. 1); agus *Ceoltaí agus Seanchais* (Mac Grianna, S.B. 1976: 1-4).

go talamh creagach fiáin ‘le beatha a bhaint as an áit ar ghnách lena gcuid caorach a bheith ag fáil tormais uirthi’,<sup>31</sup> in áit tíre inar shil bainne is mil. Ach in ainneoin na ‘Titime’ seo, éiríonn leis na Gaeil, de bharr a gcuid dúthrachta, tír tairngire (nó ‘cathair ar an chaorán’) a bhaint as an fhiántas a fuair siad rompu nuair a díbríodh an chéad uair iad go dtí an cladach clochach seo:

Sin an fáth a bhfuil breacadh de thithe geala le feiceáil ar na caoráin sin inniu. Tá, agus páirceanna glasa ann, de phrátaí agus de choirce agus de fhéar, ina mionléabóga, go dtí nach dtabharfá de shamhailt don cheantar uilig ach garraí mór. Tá ba bliochtúla ann agus asail agus corrchapall, agus a oiread madadh agus a bhí ag an Fhéinn. Tá bádaí geala áille fá na caslacha; tá spádaí agus speala agus corráin fá na páirceanna agus fá na sciobóil. Tráthnóna samhraidh, cluinfidh tú fosta géim bó nó búireach asail; agus oíche ar bith sa bhliain, cluinfidh tú na mílte madadh ag strócadh shíocháin na síoraíochta lena gcuid tiardais agus tapóg. Sin na fuaimeanna is gnách a bheith **sa chathair seo ar an chaorán** atá scoite i bhfad ó na cathracha atá i gcroí na tíre nach gcluín ach céimneach na rothaí agus seitreach na n-inneall.<sup>32</sup>

Ar bhealach, d’fhéadfaí breathnú ar na cosúlachtaí idir an bhunaitireacht chloiche ar mhionscála a luann Ó Direáin ar Oileáin Árann in *Stoite (teach ... clai nó fáil)*<sup>33</sup> agus an ailtireacht amuigh ar an uaigneas, a ndéanann Mac Grianna trácht di in *An Druma Mór (cathair ar an chaorán)*. Mar sin féin, ós ar ailtireacht atá ar n-aird, is léir go gcaithfear Duais ‘liteartha’ Pritzker don Ailtireacht a phronnadh ar Chathal Ó Searcaigh. I ndán leis, dar teideal *Tearmann*, éiríonn Ó Searcaigh amach in éadan na hEaglaise Caitlicí traidisiúnta ach le linn an phíosá baineann sé úsáid as leathdhuisín téarmaí eaglasta sa chéad véarsa (*séipéal tuaithe, cairpéad caonaigh na pasáide, na piúnna tortógacha, ardán na haltóra, cléireach, túise fraoigh*). Ar a bharr sin, nuair a mheascann sé na míreanna d’fhoclóir ailtireachta eaglasta seo le téarmaí breise atá ceangailte le searmanais eaglasta agus le hiompar urramach an phobail taobh istigh de shéipéal (*bearád i bpoca, tostach, seasaim bomaite, ag croitheadh túise*), tchíthear go n-éiríonn leis foirgneamh agus atmaisféar beoga ardeaglaise a thógáil in ísleán iargúlta an tsléibhe:

Istigh anseo in ísleán an tsléibhe  
tá sé níos suaimhní ná séipéal tuaithe.  
Siúlaim, bearád i bpoca, go tostach  
síos cairpéad caonaigh na pasáide,  
síos idir na piúnna tortógacha,  
is ag ardán na haltóra, seasaim bomaite,  
is beochán beag gaoithe—an cléireach—  
ag croitheadh túise fraoigh ar fud na háite.<sup>34</sup>

<sup>31</sup> Mac Grianna (1969: 2).

<sup>32</sup> Mac Grianna (1969: 2-3).

<sup>33</sup> Ó Direáin (1984: 12).

<sup>34</sup> Ó Searcaigh (1993: 45).

Éacht fíor-éifeachtach ailtireachta an véarsa seo gan aon amhras: ardeaglais shamhalta (a bheadh inchurtha le *basilica* Naomh Peadair sa Róimh) ach í tógtha agus cruthaithe go foclach íomhách os comhair shúile an léitheora, agus seo uilig ar fad ag file aonarach gan chloch gan chasúr ar thaobh sléibhe taobh istigh de véarsa ghearr ocht líne.

Tá sé mar a thuig Mac Grianna, Ó Direáin agus Ó Searcaigh, óna dtreimhsí dífhreamhaithe, ach smaoinemh-chruthaitheacha, a chaith siad ina gcónaí ina nua-thimpeallacht uirbeach, go raibh oll-éacht mór-scálach déanta ag na hailtirí anaithnide bhí taobh thiar de phríomhchathair mhórthaibhseach a thógáil. Luífeadh sé le ciall go rachadh an mhaorgacht a bhain le hailtireacht Sheoirseach Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm go drámatúil ar an té a tógadh in iargúlacht fhiánta an Iarthair, ar chaorán lom nó ar sceird-oileán. In ainneoin mhaorgacht agus mhór-mhéid ailtireacht na cathrach, díríonn na húdair Ghaeltachta seo, ar shlí n-éireann, a meoin ar ailtireacht rúnda tuaithe ina n-áit dhúchais féin in Iarthar Éireann, idir thógáil agus thalmhaíocht. Bheadh an ailtireacht-thalmhaíocht seo ina doras dúnta, don chuid is mó, ag strainséirí nach mbeadh in innimh léamh inmheánach mar is ceart a dhéanamh ar an tírdhreach os a gcomhair: Cé a thóg? Cé a threabh? Ceiliúradh fileata atá sna cásanna áirithe seo ar na hailtirí tuaithe gan iomrá a bhí taobh thiar den lámhshaothar fholaithe seo, tógáil dholéite gan eochair úd an tseanchais agus na staire logánta, néithe a bhí ar grinneolas oidhreachtúil ag leithéidí Mhic Grianna, Uí Dhireáin agus Uí Shearcaigh.

## ‘Míntíreachas’ mar ailtireacht chothrománach ar an tírdhreach

Ba cheiliúradh prósuil, paiseanta an chéad chaibidil de *An Druma Mór* ar an mhíntíreachas Chonallach Ghaelach, nó ar an tslí ar éirigh le Gaeil Thír Chonaill míntír chluainteach fhéarmhar a dhéanamh (beagnach ar nós Shalm 23) den fhiántas chlochach chlábarnach portaigh.

Bíonn, ar ndóigh, fairsinge ag an phrós-scribhneoir nach mbíonn ag an fhile. Níl le déanamh ach comparáid a dhéanamh idir na leathnaigh líofa, líonta leanúnacha sa chéad chaibidil de *An Druma Mór* a chur i gcomparáid le gontacht an dáin *Stoite* le Máirtín Ó Direáin. Sa dán *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr* le Cathal Ó Searcaigh<sup>35</sup> táthar ag staid lár báire idir prósfhlúirseacht Mhic Grianna in *An Druma Mór* agus achomaireacht fhileata Uí Dhireáin in *Stoite*.

Luaitear an ailtireacht thuaithe *en passant* in *Stoite* (*teach ... clai nó fáil*) ach sa ‘phrós-dhán’ *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr* éiríonn leis an tSearcach leagan eipiciúil fileata do mhóradh thírdhreach thalmhaíocht oibríste agus athnuachta Chloich Cheann Fhaola a sholáthar i gcuimhne agus

<sup>35</sup> Ó Searcaigh (1993: 94-7).

in ómós do mhuintir a cheantair—agus cur síos éifeachtach atá ann a bheadh, ar shlí, chóir a bheith, mar achoimire (nó macalla fiú?) den ríomh rómánsúil ríoga a rinne Mac Grianna do na Rosa ag tús an *An Druma Mór*.<sup>36</sup> Díríonn Ó Searcaigh iomlán airde sa dán mheasartha fhada seo ar an inscríbhinn cheilte atá greanta ar thírdhreach a cheantair dhúchais. Is geall le cód *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr* do scról rúnda atá scríofa ar phár thírdhreach na dúiche, scról a scaoileann Ó Searcaigh don léitheoir, beagnach mar threoir nó ‘nod don aineolach.’

Cuirtear tús leis an dán ag stáisiún Chaiseal na gCorr, seanstáisiún traenach a bhí as úsáid le glúin nuair a thug Ó Searcaigh athchualt air. D’fhéadfaí ballóg an stáisiúin thréigthe seo, a tógadh sa chéad leath den 19ú céad—agus fiú rianta féar-chlúdaithe an tsean-iarnróid ag Caiseal na gCorr—a chur i gcomórtas leis an chur síos a thug Mac Grianna ar na caisleáin, cealla, daingin agus cloigthise as na Meán-Aoiseanna ach a chreim sa phortach—nó a d’fhill ar an fhiántas:

Agus mar is dual don leanbh a bheith ina sheandúine, d’éirigh na tithe agus na cealla agus na daingin ina mballóga, agus shlog an caorán agus fraoch iad mar chuirfí in uaigh iad.<sup>37</sup>

Ag tús *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr* ardaíonn Ó Searcaigh an stáisiún thréigthe go stádas ‘tearmann’ agus ‘sanctóir’ agus, fiú ‘oileán rúin.’<sup>38</sup> Is díol spéise (i) an olltábhacht a cheangaltar go siombalach le foirgneamh as an 19ú céad (agus a tógadh ón taobh amuigh) agus (ii) go spreagfadh an foirgneamh eachtrannach céanna léamh comh hinspioráideach eipiciúil sin ar an tírdhreach in aigne Uí Shearcaigh ag síneadh siar trí chéad bliain, nó go bhfeidhmneodh láthair an stáisiúin mar ghlas-scaoileadh don fhilíocht ar an ábhar áirithe seo. Ar dhóigh, tá an tábhacht éadóiche ardaithe ata seo a nasctar le seanstáisiún thréigthe lán comh haisteach, b’fhéidir, leis ‘an druma mór’, earra measartha gnách a ceannaíodh i mBéal Feirste go mall sa 19ú céad, ach a d’fheidhmigh, i dtobainne, mar shiombail ard-ársáiochta agus mar dhoras draíochta isteach ag Mac Grianna go dtí an seandomhan ceoch úd a chuirtear os ár gcomhair sa chéad chaibidil de *An Druma Mór*.

Tá rud eile le sonrú in *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr* sa mhéid is go lorgaítear dea-shampla eile den teicníc fhileata sin a d’úsáid Ó Searcaigh le téarmaíocht eaglasta a chruinniú le chéile sa chéad véarsa dá dhán *Tearmann* (thuas). Má bhreathnaítear ar na téarmaí a bhaineann le scríbhneoireacht a d’úsáid Ó Searcaigh in *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na*

---

<sup>36</sup> Thiofaí breathnú, dar liom, ar chéad chaibidil *An Druma Mór* mar ardbhalla cosanta atá tógtha mar bhábhún thart ar ghairdín an úrscéil; múr a chaithfeas an léitheoir a dhreapadh sula siúltar isteach ar chothroime fhaiche an úrscéil ó Chaibidil 2 ar aghaidh.

<sup>37</sup> Mac Grianna (1969: 2).

<sup>38</sup> D’fhéadfadh seo a bheith ina tagairt indíreach (a) do shaothar an Direánaigh, *Cuimhne an Domhnaigh*, Ó Direáin (1984) nó (b) do shaothar an Ríordánaigh, *Oileán agus Oileán Eile*, Ó Ríordáin (2014: 88-98).

*gCorr* (i. *leabhar, duanaire, láimhscríbhinn, dúch, rann, mórdhán, léim, eipic* agus *canúint*),<sup>39</sup> is léir go n-éiríonn go geal leis an fhile íomhá de leabhar shamhalta a chruthú díreach le focail amháin amuigh ar an iargúiltacht—ceann de bharrbhuanna Uí Searcaigh mar fhile. Rud eile de, is iontach mar a líonann an file na leathanaigh den ‘láimhscríbhinn’ shamhalta seo ag cur síos ar rún-stair cheilte a phobail atá greanta agus inléite ag a shúile féin ar a thírdhreach dhúchais ‘i gcanúint ghlas na ngabháltas.’ Eascraíonn an léamh soiléir seo in aigne-anam Uí Shearcaigh óna a chomhróil mar fhile agus áitreabhach—dálta Mhic Grianna sa chéad chaibidil de *An Druma Mór*.

Anseo, foscailte os mo chomhair  
go díreach mar bheadh leabhar ann  
tá an taobh tíre seo anois  
ó Dhoire Chonaire go Prochlais.  
Thíos agus thuas tím na gabháltas  
a briseadh as béal an fhiántais.  
Seo **duanaire** mo mhuintire;  
an **láimhscríbhinn** a shaothraigh siad go teann  
le **dúch** a gcuid allais.  
Anseo tá achán chuibhreann mar bheadh **rann** ann  
i **mórdhán** an mhíntíreachais.  
**Léim** anois **eipic** seo na díograise  
**i gcanúint ghlas na ngabháltas**  
is tuigim nach bhfuilim ach ag comhlíonadh dualgais.

Comhlíonann Mac Grianna, Ó Direáin agus Ó Searcaigh ról tábhachtach liteartha le píosaí den chineál seo a sholáthar dúinn (píosaí a bheir grinnléamh beoga sa bhreis don léitheoir ón taobh amuigh ar an tírdhreach a d’fhéadfadh a bheith dofheicthe ag cuairteoir gan cuidiú ón tráchtairacht luachmhar inmheánach seo). Is ról é seo, fosta, atá beagnach ar nós Isaiah Fáidh ar an iargúiltacht, feidhm bhunúsach bhunchiallach an fhile mar: *file* ‘duine a tchí, fáidh’—cosúil le *seer* i mBéarla. Mar dhearbhu air seo, is suimiúil, i dtreo dheireadh *Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr*, agus Ó Searcaigh ina sheasamh amuigh leis féin ar an uaigneas, go ligean sé linn a thuairim inbheirthe phearsanta ar ról an fhile:

Anseo braithim go bhfuil éifeacht i bhfilíocht.  
Braithim go bhfuil brí agus tábhacht liom mar dhuine  
is mé ag feidhmiú mar chuisle de chroí mo chine.

---

<sup>39</sup> Cuirtear sa chló throm iad ag an údar reatha, i línte an dáin a luaitear thíos.



## Réalachas sóisialta an Iarthair le sonrú ar chúl an rómánsachais

Go dtí seo, tá scrúdú déanta ar an dearcadh rómánsúil atá ag an triúr údar Gaeltachta ar a bhfóide dúchais—agus thiofaí an dán *Cor Úr* leis an tSearcach a lua mar shampla gaoilta den *Faoiseamh* a bhraith an Direánach ar Inis Mór (thuas). Sa dán *Cor Úr*, pilleann Ó Searcaigh as ‘díbliú na cathrach’ ar a cheantar dhúchais:

Ciúnaíonn tú chugam as ceo na maidine  
mus na raideoige ar d’fhallaing fraoigh,  
do ghéaga ina srutháin gheala ag sní  
thart orm go lúcháireach, géaga  
a fháiltíonn romham le fuiseoga.  
(Ó Searcaigh 1993: 86)

In *An Druma Mór* cuireann Mac Grianna síos ar a bhundúiche féin agus ar an tsaibhreas cainte, cultúir, seanchais agus filíochta a bhí ann:

Tá an oiread seo de bhua ag an cheantar de thairbhe a bheith scoite ó shiúl na ndaoine agus ó ionadacha an tsaibhris: tá an Béarla agus an ghalltánacht ceilte air, bíodh sé lena leas nó lena aimhleas. Tá sé ar áit de na háiteacha a rachadh an té a bheadh ar lorg ghlan-Ghaeilge agus seanchas ársa na nGael. Bhí scoltacha filíochta ann le cuimhne na seandaoine atá anois ann. Inseofar duit ansin fá Bhalar agus fán Ghlas Gaibhleanna agus fá Lugh Lámhfhada, fá Fhionn agus fán Fhéinn, fá Argain na mórólúth agus fán Fhia Mhór, ‘cé gur mhór a fhearg’, agus fá ‘na trí chaogad de mhaithfheara na bhFiann, le cois trí chéad cú a thit a ghleo’, an lá a bhí siad féin agus an tArrachta sa deabhaidh; fán fháilte a chuir Aodh Rua roimh na daoine beaga nuair a bhí siad ag déanamh an chaisleáin agus á leagan air; fán dea-chaint a bhí eadar Mánas agus Bráithre Dhún na nGall agus lena chois sin, inseofar an iomad scéalta duit a d’fhaibhrigh as smaointe na mbocht iad féin—Cruachán agus Cathlán agus Cnochúr an Dá Chaorach agus Madadh an Chúil Bháin agus Cailleach na gCearc.<sup>40</sup>

Suimeadh soiléir beacht é seo ar an dearcadh rómánsúil a bhí ag Mac Grianna ar Rann na Feirste a óige: seansibhialtacht fhíor-Ghaelach saillte le seanchas agus le scéalaíocht—agus d’fhéadfaí glacadh leis na néithe a luaitear sa tsliocht thuas mar léiriú ar na buanna breise neamhlabhartha a mheas Ó Ríordáin, in *Fill Arís* (thuas), a bhain le Gaeltacht Dhún Chaoin.

Ach le linn *An Druma Mór* sciordann leideanna láidre ó pheann Mhic Grianna fán tsochaí chéanna, sochaí, dar leis (de bharr thionchar na Galltachta) a bhí ar tí athrú ó shaol a bhíodh ar maos sa Ghaeilge<sup>41</sup> go háit ar dóiche gur lobhadh agus titim as a chéile a bhí i ndán don fhíorthobar

<sup>40</sup> Mac Grianna (1969: 3).

<sup>41</sup> ‘Parthas gan truailliú’ mar a phléann de Brún (2002: caib. 5).

Gaelachais a chonaic sé féin i mblianta a óige. Is iomaí léiriú den chultúr-theannas idir an sean-Ghaelachas agus an nua-Ghalldachas sa leabhar seo, téama atá breactha fríd an úrscéal mar chúl-phlota. Ceolann, mar shampla, an tseanbhean Beagaide *Mal Dubh an Ghleanna* (seanamhrán Clasaiceach a cheoltaí fríd Ghaeltachtaí na tíre) agus barmholadh faighte ón údar aici dá bharr.<sup>42</sup> Os a choinne sin, agus mar ghlinn-léiriú ar an chlaonadh i dtreo an Ghalldachais, ghníthear cáineadh ar an phointe sin, le linn oíche dhamhsa i dteach na scoile, nuair a cheolann Niall Bhríde (fear óg a fuair eolas ar an Bhéarla in Albain) an t-amhrán Béarla *Paddy's Green Shamrock Shore*.

Amhrán Béarla dúirt sé. Bhí an t-aos óg ag stad de rá na n-amhrán Gaeilge. Nuair a bhí siadsan ag an daoine bhí siad fite fuaite ina saol, agus chan i lúb cruinnithe amháin a chantáí iad ach gach uair den lá. Níorbh ionann a bhí an dream óg leis na hamhráin Bhéarla: ní raibh mórán de bhrí acu leo ach oiread le portaíocht. Amhrán fá long cogaidh a chuaigh thar sáile a dúirt Niall, agus ní raibh feabhas ar bith filíochta air, agus dá olcas é rinne sé níos measa é leis an droch-Bhéarla a bhí aige. Amhrán acu seo a bhí ann a raibh '*Come all ye lads and lasses*' ar a thús—ceann de na hamhráin a chum filí a chaill an Ghaeilge agus nach raibh le cuidiú leo ach mearchuimhne ar cheolta Gaeilge na ndaoine agus ar na foinn a bhí leo. **Tháinig rann agus rann agus rann eile aníos as eadar a dhá chois:**<sup>43</sup>

Lochtar arís agus arís eile cleachtadh an Bhéarla (idir bhriste agus chnapánach amscaí)<sup>44</sup> a bhíodh go minic ar bheola deoraithe a phill ó thar lear don cheantar: carachtair mar Phroinsias Bheagaide agus California,<sup>45</sup> dís a mheas Mac Grianna a bhí róthugtha do chaint na nGall agus, níba tábhachtaí arís leis an údar, beirt, dar le Mac Grianna, a chuirfeadh iad féin in iúl i bhfad níba dea-chaintí agus níba bhinnbhriathraí i nGaeilge. Is féidir glacadh leis an cháineadh seo ar roghnú an Bhéarla thar an Ghaeilge mar shoiscéal cultúrtha ag Mac Grianna mar fhophlota tábhachtach *An Druma Mór*.

Mar bharrléiriú ar an téama seo eisíonn Mac Grianna ceann de na ráitis chultúrtha ba chumhachtaí den tsaothar ar fad. Tig an sliocht áirithe seo nuair a bíos cuid d'fhir óga an bhaile ag troid fán pholaitíocht reatha agus iad cruinn toigh shéanMhurchaidh agus, chóir a bheith mar bharr ar an donas, na páistí óga a bhí sa teach chéanna ag iarraidh ar sheanMhurchadh stad de bheith ag aithris na laoithe ársa Fiannaíochta agus pilleadh, ina n-áit siúd, ar an scéalaíocht shimplí. Maíonn Mac Grianna ag an phointe ardléiritheach cultúr-thiontóidh seo (maidir le cinniúint na teanga agus an traidisiúin bhéil

<sup>42</sup> Mac Grianna (1969: 42).

<sup>43</sup> Ibid. 32-3. Cló trom an údair.

<sup>44</sup> Fch, mar shampla, cuid den dioscúrsa i gCaibidil 5, agus, maidir le Béarla bréag-chasta Phroinsís Bheagaide: *Tá focal aige comh fada le maide ráimha*, lch 93.

<sup>45</sup> Ní leis féin a bhí Seosamh Mac Grianna sa bhreathnú seo, mar ba mhinic an port céanna ina cháithnín faoin fhiacail ag a dheartháir Séamas.

de) go raibh an tsean-Éire Ghaelach ag dul in éag agus an Éire Nua (nó an Éire iar-Ghaelach) ag teacht mar chomharbacht uirthi:

Bhí seanMhurchadh ag canstan na Fiannaíochta i measc a gcuid geamhthroda, mar a bheadh file i measc bhodaigh gan oideas. **Bhí an tseanÉire ag fáil bháis agus an Éire óg ag bruínteachas fá cholbha a leapa.** Ní raibh an dreach measúil ar chlann Mhurchaidh a bhí air féin agus ní raibh deis a labhartha acu mar a bhí aige. Chan dóibh a bhí sé ag rá na filíochta, ná don tachrán ach a oiread ach dó féin. **Bhí seanchuimhneacháin aigesean a bhí míle bliain d'aois.** Thuigfeadh sé Cormacán Éigeas nó Gofraidh Fionn Ó Dálaigh. **Ach ní thuigfeadh an chlann a n-athair mór.**<sup>46</sup>

B'ollbhreathnú léirsteanach réalaíoch cultúrtha an sliocht thuasluaite agus teachtaireacht láidir neamhbhalbh réamhfhaisnéiseach a bhí ann a d'fhóirfeadh do lombharúil íolbhristeach éigeantach Hindley fá mheath-bhána na Gaeilge sna 1990í,<sup>47</sup> seachas do na 1930í, an t-am a raibh Mac Grianna i mbun pinn leis *An Druma Mór*. Ina dhiaidh sin, b'intinneach mar a d'áirigh Mac Grianna na luathchomharthaí baoil do Ghaeltacht Thír Chonaill lena ré féin.

Tá an teannas céanna cultúrtha, idir Ghaelach/rómánsúil agus Ghallda/réalaíoch, le mothú sa dán *An tEarrach Thiar* le Máirtín Ó Direáin: an Ghaeilge ina háit thraidisiúnta sa churaíocht agus sa churach ach an Béarla ag teacht le hathrú nósanna. Cuireann Ó Direáin síos ar na fuaimanna a bhí le cluinsteán ar Inis Mór: <sup>48</sup> 'fear ag glanadh cré de ghimseán spáide ... ag caitheamh cliabh dá dhroim ... mná i locháin ... tollbhuillí fanna ag maidí rámha.'<sup>49</sup> Seo cur síos ag an fhile ar Inis Mór pictiúr-shiochta úd a óige (a d'iompair sé go grámhar leis gan aon athrú ina aigne le linn na mblianta a chaith sé as baile i mBaile Átha Cliath). Tig briseadh brónach ar an íomhá chaomhnaithe thaiscithe seo sa dán *Árainn 1947* mar a labhartar ar an mhaolú a bhí le sonrú aigesean (a bhí anois mar chuairoteoir ócáideach) ar chultúr agus ar shaol an oileáin agus na sean-nósanna á dtréigbheáil. Is suimiúil, fosta, go rabhthas ag tabhairt cúil d'amhráin [Ghaeilge] ar Inis Mór—mórán mar a nótáil Mhic Grianna fá Rann na Feirste (Ros Cuain, thuas):

Amhrán aerach,  
scaradh oíche is lae  
ó ghríoghfhear súpach  
gaisce ard is goití dúshláin  
is gach uaill mhaíte

<sup>46</sup> Mac Grianna (1964: 53).

<sup>47</sup> Hindley (1991).

<sup>48</sup> Ó Direáin (1984: 14-5).

<sup>49</sup> Cuirtear na fuaimanna seo i gcomórtas le: 'Tráthnóna samhraidh, cluinfidh tú tormán rámhaí ar chuanta' (Mac Grianna 1969: 3); agus 'The cold smell of potato mould, the squelch and slap of soggy peat' as an dán *Digging* le Seamus Heaney.

ag scoilteadh chlár an chiúnais  
tráth a mbíodh gníomh gaile a shinsear  
á n-aithris do dhúile an uaignis  
an tráth seo thiar  
níor chualas.<sup>50</sup>

Léiríonn Ó Searcaigh go mbíodh blaiseadh láidir den tseanseanchas le cluinsteán aige féin sa dara leath den 20ú céad ón tseandúine Neddie Eoin thuas i mbarr na Míne Buí.

Bhíodh gaith na gcnoc ag trupáil fán tairseach  
amhail buachaillí bradacha nach ligfí isteach  
agus muidne le mugaí móra galach le tae  
'nár suí go sochmaidh os comhair an tseanchaí;  
drithleoga dearga a bhriathra ina spréacha  
ag lasadh na samhlaíocht' ionainn go réidh.<sup>51</sup>

Ach is turas siar ar bhóithrín na smaointe an dán *Oícheanta Geimhrídh*<sup>52</sup> agus *requiem* é ar dhóigh do chultúr an tseanchais i gCloich Cheann Fhaola, traidisiún a bhí ag sleamhnú de chultúr-roth an tsaoil sna 1960í/1970í. B'fhíoradh, fosta, *Oícheanta Geimhrídh* ar an mheath-ré seo a mhaígh Mac Grianna a thiocfadh ar Ghaeltacht Thír Chonaill go ginearálta comh fada siar leis na luath-1930í.

Le droichead eile a thógáil idir prós agus filíocht Ghaeltacht Thír Chonaill, is féidir na línte thuasluaite as *Oícheanta Geimhrídh* (agus gasraí óga an bhaile ag éisteacht le seanchas na sean) a chur i gcomórtas leis an ghearrscéal *Sagart Éamoinn Sheáin Óig* le Séamus Ó Grianna, mar a mbíonn Ó Grianna agus a dheartháir Domhnall ar cuairt, sna 1920í, go toigh an tseandúine, oíche Shamhna:

Oíche Shamhna amháin, arsa mo mháthair liom féin le clapholas: 'Goitse, a Mhaire, go bhfága tú meascán ime agus gogán bainne thuas ag Sagart Éamoinn Sheáin Óig. Is mór an díol déirce an duine bocht. Oíche cheann féile ann agus gan deor ina theach is gile ná an t-uisce. Imigh leat anois. Bíodh Domhnall leat má tá uaigneas ort.'<sup>53</sup>

---

<sup>50</sup> Ó Direáin (1984: 16).

<sup>51</sup> Ó Searcaigh (1993: 112-15).

<sup>52</sup> Ibid. 112, véarsa 2.

<sup>53</sup> *Cith is Dealán*. Ó Grianna (1974: 7). Díol suime, arís, gur athcheapdh an sliocht seo (a cumadh in oirthear tíre i mBaile Átha Cliath) as cuimhne rómánsúil óige Uí Ghrianna i nGaelacht Thír Chonaill. Dálta Uí Dhireáin in *Árainn 1947*, léiríonn Ó Grianna (ina úrscéal *An Draoidín*, mar shampla) a mhíshástacht ar mheath na teanga agus athrú nósanna le linn a chuartheanna ar Ghaeltacht Thír Chonaill sna blianta céanna i lár an 20ú céad, fch Hughes (1987).

Caitheann an dá ghasúr seo<sup>54</sup> tamall comhráidh agus seanchais leis an tseanduine, Sagart Éamonn Sheáin Óig. Le linn na cuarta, cheol an seaniondaire amhráin agus d’inis dóibh *Gadaíocht Inis Dubháin*—scéal Fiannaíochta a bhí breactha le filíocht agus a raibh cleas-léiriú ann ag deireadh an scéil idir an dá arm a bhí luaite sa scéal. Is sonraíoch gur fríd mhodh an airneáil a tharlaíodh seachadadh an traidisiúin bhéil—roimh ré na teilifíse agus ag tráth a raibh seanghlúnta agus glúnta óga fite fuaite go dlúth le chéile i ngréasán an Ghaelachais i dtimpeallacht a mbíodh ‘filíocht bheacht agus véarsaí le cluinsteán sa tseanteangaidh chóir’,<sup>55</sup> mar a chum agus a cheol Seán Bán Grianna, deartháir le Seosamh. Thig glacadh leis an dán *Oícheanta Geimhridh* mar (i) léiriú ar ruball nós airneál na scealaíochta traidisiúnta sna 1960í agus (ii) mar iarfhocal—nó fiú fógra báis—ar an nós chéanna. Tá deireadh anois, don chuid is mó, le hairneál mar fheiniméan sóisialta sa Ghaeltacht chomhaimseartha agus féadtar a rá gur le glúin nó dhó anuas a polladh nó a thit ballaí bhábhún an bhéaloideasa dá bharr.

Léiríonn na píosaí deireannacha seo a luaíodh as saothar Chlann Mhic Grianna, Uí Dhireáin agus Uí Shearcaigh gur thuig na húdair seo an réalachas úr sóisialta a bhí ag teacht i réim sna Gaeltachtaí agus tuigse chreathnach acu go raibh deireadh ré ag teannadh orthu agus scoilt i scáthán an dúchais. Ní thráchtar ar cheann de na fáthanna taobh thiar de, .i. gur meath an saol socheachnamaíoch ar ghlúnta óga na Gaeltachta (agus ar an teanga san aon am), téip a tharla de bhrí nach raibh saothrú ar fáil sna Gaeltachtaí—cás beagnach gach údair acu seo. Bíodh gur chaith Ó Grianna, Mac Grianna agus Ó Direáin formhór a saoil amach as an Ghaeltacht, d’éirigh leis an tSearcach (ach i ndiaidh blianta fada ar an choigríoch) a ‘bhealach chun an bhaile’ a dhéanamh go Mín an Leá i nGaeltacht Chloich Cheann Fhaola. Mar sin féin, léiríonn dánta eile leis an fhile seo ó na 1980í an dul ar gcúl agus an lobhadh a thit amach i saol eacnamaíoch na Gaeltachta lena linn féin. In *Fiacha an tSolais*<sup>56</sup> péinteáiltear pictiúr réalaióch d’óigfhear as ceantar Ghort an Choirce agus a shaol scriosta, múchta ag an ól, agus ar leibhéal níos tragóidí agus sochréalaí ná mar a rinneadh i seanamhráin thraidisiúnta ar nós *An Bonnán Búí* le Cathal Mac Giolla Ghunna san 18ú céad.<sup>57</sup>

I mbathlach ceann slinne a chaith sé a shaol  
leath bealaigh i gcoinne Chnoc an tSéideáin;  
drúncaire, a raibh a dhreach is a dheilbh maol  
agus lomchnámhach, macasamhail an screabáin  
ina thimpeall, áit a bhfuarthas marbh é anuraidh  
caite sa scrobarnach, lá polltach geimhridh:

<sup>54</sup> .i. ‘Máire’ [= Séamus] agus Domhnall, beirt dheartháireacha de chuid Sheosaimh Mhic Grianna.

<sup>55</sup> As an amhrán *Ag taisteal domh síos fá na cóstaí*, Mac Grianna, S. Bán (1976: 48).

<sup>56</sup> Ó Searcaigh (1993: 120-1).

<sup>57</sup> Ó Tuama & Kinsella (1981: 132-5).

a naoi mhliana fichead múchta ag ainíde dí,  
is gan glór lena chaoineadh ach gocarsach cearc fraoigh.<sup>58</sup>

Ní hé amháin go bhfuil macalla den dán seo le cluinsteán, ar an drochuair, fud fad Ghaeltacht na hÉireann ach tá a mhacasamhail eile le sonrú i réigiúin eile sna tíortha Ceilteacha, mar a tchínn féin le linn obair pháirce, in Albain agus sa Bhriotáin. Bhainfeadh go leor de na fadhbanna alcólachais seo leis an athrú teanga agus cultúir agus daoine ag mothú (ach go hiomlán contráilte, de bharr thionchar bhrú mheon na coilíneachta) gur le fotheanga agus fochultúr gan fiúntas a bhain siad. In ainneoin veinír urraim na hoifigiúlachta a bheith bronnta ag an Stát ar an Ghaeilge in 1922, sa dán *Caoineadh* ní chuireann Ó Searcaigh fiacail sa dearcadh a bhí aige féin fán neamart mhór a rinne an Stát ar an Ghaeilge ó shin i leith sna ceantair Ghaeltacha agus fá ghéillsteán thostach ‘chaorúil’ an phobail:

Inniu tá mo Theangaidh ag saothrú an bháis.  
Ansacht na bhfilí—teangaidh ár n-aithreacha  
**gafa i greagacha crochta na Failí**  
is gan ionainn í a tharrtháil le dásacht.<sup>59</sup>

Tá Ó Searcaigh le moladh go hard as an chur síos seo ar Ghaeltacht réalaíoch faoi mheath ó thaobh laghdú dhaonra sa dara leath den fhichiú haois agus as cur ar ár súile dúinn, léitheoirí, an tionchar a d’imir an cúlú eacnamaíochta agus bánú an cheantair ar chuid de na daoine a d’fhan. Sa dán *Caoradóir*, ach go háirithe, bíonn an lámh in uachtar ag an réalachas shóisialta. Cuirtear síos ar sheanbhaitziléir spíonta uaigneach a chónaíonn sa cheantar iargúlta seo ina aonar agus na fadhbanna atá le sárú aige.

Talamh gortach gann a d’ól le blianta  
allas a dhíograise is a d’fhág é chomh spíonta,  
chomh lomchnámhach le stumpán caoráin.  
Agus na mianta a bhláthaigh i bhfearann a chroí  
shearg siad go tapaidh de dhíobháil solais  
i bProchlais iargúlta i mbéal an uaignis.

Is mór idir an giúmar réalaíoch atá le sonrú ag C. Ó Searcaigh sa dán seo agus an ‘clapsholas suaimhneach smólaigh i gCaiseal na gCorr’ a luaitear le deireadh an lae sa dán eile leis *Níl Aon Ní* (thuas), mar a raibh Gort griannmar an Choirce á chur go rómánsúil os choinne dhúire dhorcha Bhaile Átha Cliath. In *Caoradóir*, áfach, bheirtear glór láidir do scáth an réalachais shóisialta mar anseo ‘i bProchlais an uaignis’ is gruaim agus eagla a thig le titim na hoíche, seachas ‘clapsholas smólaigh’:

<sup>58</sup> Ó Searcaigh (1993: 120-1, véarsa 1).

<sup>59</sup> Ó Searcaigh (1993: 208).

luíonn an dorchadas go trom ar a aigne—  
an dorchadas a ramhraíonn anuas ón Achla  
le teacht na hoíche is a líonann é le heagla

Is máistirphíosa an dán *Caoradóir*, agus óid onórach atá ann don chruatan agus don domhain-uaigneas inmheánach ag daoine imeallaithe scartha agus, níos tábhachtaí arís, glórú annamh fosta ar na mothúcháin chéanna. Gach seans go mbeadh cuid den fhulaingt annamh-chláraithe uaigneach seo a léirigh Ó Searcaigh dúinn in *Caoradóir* le mothú go realaíoch fosta i saol Micheál Shéamais (agus i saol chuid de na carachtair imeallacha eile a luaitear in *An Druma Mór*) seachas an gearrchur síos rómánsúil (agus beagán éadrom), a bheir Mac Grianna air mar shealgaire as an tseansaol:

Fear a bhí i Micheál Shéamais a chuaigh i bhfad siar ar lorg a oidhreacht: sealgaire de chuid an tseansaoil a bhí ann. Ní raibh sé mór a gcuireadh sé nó a mbaineadh sé. Bhí sé seachtanacht ar an chomharsain.<sup>60</sup>

Bíonn, ina dhiaidh sin, an réalachas sóisialta agus an characteracht fhorbartha le sonrú níos tréine sa chur síos éifeachtach a rinne Mac Grianna, níos faide ar aghaidh san úrscéal,<sup>61</sup> ar an bhaint éagórach bhagrach a bhí idir an t-athair confach searbh, Niall Óg agus a mhac brionglóideach soineanta Éamann Néill Óig. Bíonn an t-athair de shíor anuas ar Éamann as gan a bheith comh láidir leis féin ag obair ach, ina áit siúd, comh bog leis an mháthair. Le fírinne, léiríonn macalla bhinbe an dráma páirce seo an teannas réalaíoch nár ghanh idir aithreacha agus mic fud fad na tíre in Éirinn amuigh faoin tuath. Tá an searbhas seo luaite, mar shampla, ag Patrick Kavanagh in *Stoney Grey Soil of Monaghan* agus d'admhaigh Heaney go réidh in *Digging* nach dtiocfadh leis tochailt mar a aithreacha roimhe. I saothar Uí Shearcaigh tráchtar fosta ar 'na daoine óga gafa i gcage na ciniúna'<sup>62</sup> agus bheir an teideal an dáin féin (*Bó Bhradach*) léirmheas den mhothú a bhraitheadh cuid d'ógra na Gaeltachta as a bheith teannta agus ceaptha i bpáirc nach raibh a sáith fairsinge inti dóibh. Más iad Patrick MacGill (1889–1963) agus Peadar O'Donnell (1893–1986) na prós-scríbhneoirí Conallacha is mó a chloíodh leis an réalachas shóisialta ina saotharsan, níl lá amhrais ann go bhféadfaí coróin na filíochta réalalaí a chur ar cheann Uí Shearcaigh in aitheantas do na dánta cnoic seo leis ar nós *An Caoradóir, Fiacha an tSolais, Bó Bhradach, Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr*<sup>63</sup> agus *Caoineadh*.

<sup>60</sup> Mac Grianna (1969: 16).

<sup>61</sup> Mac Grianna (1969: caib. 17).

<sup>62</sup> *Bó Bhradach*. Ó Searcaigh (1993: 126-7).

<sup>63</sup> Seo duanaire mo mhuintire;  
an lámhscríbhinn a shaothraigh siad go teann  
le dúch a gcuid allais.

## Conclúid

Tá, ar ndóigh, roinnt mhaith den ghlóiriú rómánsúil le sonrú sna saothair ag Mac Grianna, Ó Direáin agus Ó Searcaigh: ag cur síos go solasta ar an dlúithe pobail ina n-áiteacha dúchais (ach béim ar ‘anallód’). Is minic fosta a chuirtear rómánsachas grianmhar na tuaithe os coinne dhúire an réalachais shóisialta sa chathair uaigneach eascairdeach (agus plé déanta ar chuid de thuas). Bíodh sin amhlaidh, is féidir, ina dhiaidh sin, trácht luachmhar inmheánach a mhianú as idirlíntí scríbhinní na n-údar seo maidir leis an mhealladh agus an díomá a mhothaíodh siad triúr, ar dhóigheanna, leibhéalacha agus ócáidí difriúla, fán réalachas shóisialta agus fán mheath chultúrtha a mheas siad a bhí ag teacht ar an Ghaeltacht—Gairdín Eden a n-óige.

Bíonn macallaí láidre breactha fríd shaothar na n-údar seo den nóisean go bhfuil an Teamhair ársa Ghaelach ina féar, dálda na sean-Traoi,<sup>64</sup> agus gur briseadh (nó gur ghairid go mbrisfí) ar an Ghaeltacht, áit a bhí ag athrú go cultúrtha agus ag dul as aithne. Is féidir, sa mhéid sin, a saothar a ríomh mar scríoptúir de chuid na nGael san fhichiú haois, murar féidir fiú a chur i gcomórtas le meon Nehemiah Fáidh:

Tá na daoine a tháinig slán ó dheoraíocht arais sa dúiche ach is mór a náire agus is olc an bhail atá orthu. Tá ballaí Iarúsailéim ag titim agus a geataí loisce.<sup>65</sup>

Cé gur fíor gur thit, ar an drochuair, cuid mhaith de bhallaí agus de bhábhún na Gaeltachta in áiteacha go leor; i saothar Mhic Grianna, Uí Dhireáin agus Uí Shearcaigh, mhaisigh siad dúinne, léitheoirí, mósáicí luachmhara a bheas ar buanmhairstean brách, idir rómánsúil agus réalaíoch.

## Ollscoil Uladh

---

<sup>64</sup> Fch: Threascair an saol agus shéid an ghaoth mar smál, Alastram, Caesar ’s an méid a bhí ina bpáirt; tá an Teamhair ina féar agus féach an Traoi mar atá, agus Sasanaigh féin b’fhéidir go bhfaighidís bás. Ó Grianna [Máire] (1976: 27).

<sup>65</sup> *Bíobla*, Nehemiah 1:3.



## Leabharliosta

- de Brún, F. (2002) *Seosamh Mac Grianna: An Mhein Rúin*. Baile Átha Cliath. An Clóchomhar.
- Heaney, S. (1995) *Door into the Dark*. London: Faber and Faber.
- Hindley, R. (1991) *Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*. London: Routledge.
- Hughes, A.J. (1987) Orthographical Evidence of Developments in Donegal Irish. *Éigse* 22, 126-34.
- Hughes, A.J. (2009) *The Big Drum*. Aistriúchán ar *An Druma Mór* le Seosamh Mac Grianna. Belfast: ClóIann Bheann Mhadagáin.
- Kavanagh, P. (1972) *The Complete Poems of Patrick Kavanagh*. London: Goldsmith, P.
- Mac Grianna, S. Bán (1976) *Ceoltaí agus Seanchas*. Rann na Feirste: Coiste Choláiste Bhríde.
- Mac Grianna, S. (1940) *Mo Bhealach Féin*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Grianna, S. (1964) *Mo Bhealach Féin*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Grianna, S. (1969) *An Druma Mór*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Síomóin, Tomás & Douglas Sealy (eds) (1992) *Máirtín Ó Direáin, Rogha Dánta: Selected Poems*. Newbridge: Goldsmith Press
- Ó Conaire, P. (1910) *Deoraidheacht*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo.
- Ó Criomhthain, T. (1929) *An tOileánach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Criomhthain, T. (1969) *An tOileánach*. Baile Átha Cliath: Comhlacht Oideachais na hÉireann.
- Ó Direáin, M. (1992) *Rogha Dánta: Selected Poems*. Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill.
- Ó Grianna, S. [Máire] (1942) *Rann na Feirste*. Baile Átha Cliath: An Press Náisiúnta.
- Ó Grianna, S. [Máire] (1974) *Cith is Dealán*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Grianna, S. [Máire] (1976) *Caisleáin Óir*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Nualláin, B. [Myles na gCopaleen] (1941) *An Béal Bocht*. Baile Átha Cliath.
- Ó Searcaigh, C. (1993) *An Bealach chun an Bhaile: Homecoming*. Spidéal: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Tuama, S. & T. Kinsella (1981) *An Duanaire: Poems of the Dispossessed*. Dublin: Dolmen Press.
- Pearse, P. (1917) *Collected Works of Patrick Pearse: Plays, Stories, Poems*. Dublin, Cork & Belfast: Phoenix Publishing.
- Sewell, Frank (ed.) (2014) *Selected Poems by Seán Ó Ríordáin*. F. Yale: Yale University Press.
- Ua Laoghaire, P. (1914) *Mo Sgéal Féin*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin.